

Anois teacht an Earraigh!

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Cánacha ainspíanta	2
Cogadh Domhanada I: Márta-Aibreán 1915	3
Scéal grinn	3
Gairdíní Léibheann na Bablóine	4
Lá Rith na Cuaiche	4
Aiféala	5
An míol mór gorm	5
Amuigh san oíche	6
Taiscumar Pholl an Phúca	6
Apologia pro vita Anraí VIII	7
An choinne dhosheachanta	8
An chaid agus an Cogadh Cathartha	9
An tÉireannach a lámhach Mussolini	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Tháinig Long ó Thiobraid Árann	11
Tuilleadh alt le bhur dtoil	11
Brian Cody - níl a shárú le fáil	12



AN TAObh Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 2 EAGRÁN 2 MÁRTA-AIBREÁN 2015

AIMSIR NA CURADÓIREACHTA

Tá an tEarrach linn agus na laethanta ag dul i bhfad, an féar ag fás agus lusanna an chromchinn ag luascadh sa ghaoth. Bhí a lán cainte le déanaí faoi dhrochstad na Gaeilge sna Gaeltachtaí agus faoin easpa gníomhaíochta faoin *Straitéis 20 Bhliain don Ghaeilge 2010-2030*. Ta sé éasca bheith faoi dhúlagar (**depressed**) ach tugtar fuinneamh agus misneach dúinn nuair a théann an aimsir i bhfeabhas. Thosaigh an séasúr dúinne, Gaeilgeoirí, le Coicís na Gaeilge. Tugann an borradh atá tagtha ar líon na ndaoine atá ag freastal ar na ciorcail comhrá agus ar na maidineacha caife ardú meanman dúinn. Ach caithfidimid leanúint ar aghaidh leis an obair ar son na teanga agus imeachtaí eile, seachas cupán caife nó tae a ól, a eagrú chun saol iomlán le Gaeilge a chruthú. Tá sé in am againn an Ghaeilge a chur ar ais ar shráideanna naofa Áth Cliath, sna bialanna,

Siúlóirí na hAoine



sna siopaí, ar na páirceanna imeartha, sna clubanna agus araile. Déanann **Siúlóirí na hAoine** é seo gach Aoine nuair a fhágann siad Cearnóg Theach an Tionóil,

Barra an Teampaill ag 11.00 am. Bí leo! Má tá tú níos aclaí féach ar **cnocadóirí.com**. Féach freisin ar **nasclegaeilge.org** i gcomhair na sonraí faoi thurais agus imeachtaí eile trí Ghaeilge.

Cad eile is féidir linn a dhéanamh? Cad faoi bhabhláil deich bpionna (**10-pin bowling**) nó b'fhéidir bollaí (**lawn bowls**) do na seanóirí nó oícheanta cártaí fiche cúig. An bhfuil spéis ag aon duine in imeachtaí mar seo nó an bhfuil moltaí dá gcuid féin agaibh? Tá teacht le chéile eagraithe ag Ben



Mac Lochlainn in Óstlann Wynn's ar an Aoine, 19 Meitheamh ag 8.00 pm do na daoine a fhreastalaíonn ar na maidineacha caife. Bí ann le bhur gcaint agus le bhur moltaí. Déan tréaniarracht bheith ann ar an oíche. Mar a chuirfidimid bainfidimid. Tá sé in am againn síol na Gaeilge a scaipeadh timpeall na hArdchathrach.

CEACHT BEAG NA GAEILGE:

AINMFHOCAL AGUS INSCNE



Is ainmfhocal é aon fhocal a ndéanann tagairt do dhuine, do rud, d'áit, do cháilíocht, nó do choincheap. De ghnáth is féidir leis an ainmfhocal bheith uathu (ceann amháin) nó iolra (níos mó ná ceann amháin). Sa Ghaeilge tá inscne (**gender**) ag ainmfhocal - baininsneach nó firinsneach. Tá tábhacht ag an inscne ó thaobh na gramadaí de. Go hiondúil (**generally**) cabhróidh na treoirlínte (**guidelines**) seo duit inscne an ainmfhocail a thomhais.


Baininsneach: Focail a chríochnaíonn le **consan caol**;
mór-ranna, tíortha, aibhneacha, teangacha

Firinsneach: Focail a chríochnaíonn le **consan leathan** nó le guta;
gairmeacha beatha

Focail iolsiollacha a chríochnaíonn le:
-acht/-eacht



Focail a chríochnaíonn le:
-chan
-eog/óg
-lann



Focail aonsiollacha a chríochnaíonn le:
-acht/-eacht



Focail a chríochnaíonn le:
-éir
-eoir/-óir/-úir
-ín

Tá eisceahtá (**exceptions**) ann, mar shampla tá focail bhaininsneacha a chríochnaíonn le guta, go háirithe le –e. Ná bí buartha faoi sin. Tíocfaidh tú orthu siúd diaidh ar ndiaidh. Ba cheart go mbeifeá in ann inscne den chuid is mó na n-ainmfhocal a thomhais i gceart leis na rialacha thuas. Déan iarracht leo seo: Afraic, baile, beannacht, beochan, bia, bialann, cailín, cantóir, ceacht, Éire, feirmeoir, gleann, Life, mír, móin, nochtacht, póg, punt, racht, Rúisis, saighdiúir, scóig, siúinéir.

CÁNACHA AINSPIANTA

Seán Ó Mathúna

I láthair na huairde deir léirsitheoirí gur cáin ainspianta (**outrageous**) é an Táille Uisce ach féach ar na cánacha seafóideacha a moladh ó am go ham i dtíortha eile:

Cáin Chloigne ar Chaoirigh [Sasana, 1549]

Sa bhliain sin mhol an Tiarna Cosantóra (**Lord Protector**) Somerset - bhí an Rí Éamonn VI ró-óg fós chun feidhmiú mar rí - go ngearrfaí cáin 2 phingin ar gach caora (**ewe**) nó molt (**wether/castrated ram**) sa tír. Tugadh an leithscéal go raibh sé riachtanach níos mó talún a úsáid le haghaidh curaíochta (**tillage**) seachas féarach (**grazing**). Níor leanadh leis an cháin rófhada agus chaill Somerset a cheann ar chúiseanna eile ní ba dhéanaí.

**Tobhach le haghaidh Taighde ar Astaíochtaí Talmhaíochta (Agricultural emissions research levy) [An Nua-Shéalainn, 2003]**

Mhol rialtas na Nua-Shéalainne gur cheart cáin chloigne (**poll tax**) a ghearradh ar gach caora, eallach agus fia sa tír toisc go rabhadar ag astú (**emitting**) gháis mheatáin agus ag cur le méid gás ceaptha teasa (**greenhouse gases**) san atmaisféar. Bhaist feirmeoirí na tíre an Cháin Ghaofaireachta (**flatulence**) agus an Cháin Bhroma (**Fart**) uirthi. Ó thaobh na heolaíochta de bhí siad mícheart mar astaíonn na hainmhithe an chuid is mó den ghás meatáin trína mbéal (brúchtaíl—**burping/eructation**)! Níor cuireadh an cháin i bhfeidhm sa deireadh.



COGADH DOMHANADA I: MÁRTA AGUS AIBREÁN 1915

Ar 11 Márta chuir fomhuireán Gearmánach *SMU-27* an *HMS Bayano* (long thrádála armúrtha) go tóin poill amuigh ó chósta Gall-ghàidheil (**Galloway**). Sábháladh 26 den fhoireann bháid ach bádh timpeall 200. Ar 14 Márta, amuigh ó chósta na Sile, chuir captaen an chúrsóra éadroim Ghearmánaigh, *SMA Dresden*, a long go tóin poill tar éis é a bheith sáinnithe ag scuadrún Briotanach. Maraíodh triúr Gearmánach ach shroich an fhoireann eile talamh neodrach ar oileán Más a Tierra. Ar 18 Márta rinne fórsa Angla-Francach de 16 chathlong ionsaí ar dúnfoirt Otamánacha i gCaolas na Dardainéile. Ar 25 Aibreán chuir siad saighdiúirí ar an talamh ag Gallipoli chun tús a chur le feachtas a lean ar feadh ocht mí inar maraíodh 60,000 ó na Comhghuaillithe (**Allies**), Nua-Shéalannaigh agus Astrálaigh ina measc, agus 68,000 Turcach. Tugtar “Lá ANZAC” ar 25 Aibreán san Astráil agus sa Nua-Shéalainn anois.



SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Oíche fhuar fhlíuch stoirmeach a bhí inti. Tháinig fear isteach sa tábhairne agus bhí sé ina líb agus ag crith leis an bhfuacht. Bhí craos tine thíos sa seomra. Faraor, in ainneoin roinnt mhaith iarrachtaí brú tríd an slua, ní raibh an fear bocht in ann dul i gcóngarach don tine mar bhí na hóltoirí áitiúla plódaithe le chéile thart uirthi. D'éirigh sé as a chuid iarrachtaí agus smaoinigh sé ar feadh tamaill. Ansin ghlaigh sé ar an bhfreastalaí agus d'ordaigh sé deoch, uisce beatha te. Nuair a tháinig an freastalaí chuige thóg sé bolgam den deoch agus dúirt sé, in ard a ghutha, “*Bhí sin de dhíth go géar orm. Bhí mo dhá dhóthain den mhí-ádh orm anocht. Cliseadh ar mo ghluaisteán leath mhíle thuas an bóthar agus bhí orm siúl anseo agus oíche na seacht síon ann agus mise gan scáth fearthainne ná cóta trom agam. Mar bharr ar an donas thit mo thiachóg as póca mo sheaicéid agus tá trí chéad euro inti. Ach ní bheidh sé ró-dheacair dom teacht uirthi mar táim cinnte gur thit sé as mo phóca nuair a bhí mé ag cur an gluaisteán faoi ghlas*”.



“*Tá cóta báistí trom agam*”, arsa an freastalaí, “*tar liom agus tabharfaidh mé duit é chun go mbeidh tú in ann dul ar ais agus do thiachóg a fháil*”. Chuaigh siad isteach sa chúlseomra. Nuair a tháinig siad ar ais dúirt an fear.

“*Ba mhaith liom deoch eile agus bia te má tá sé le fáil, le do thoil. Beidh mé i mo shuí thall cois na tine mar go bhfeicim go bhfuil na daoine go léir imithe abhaile. Is ait gur imigh siad amach agus an aimsir chomh dona sin. Agus féach, ní bheidh gá agam le do chóta báistí anois mar, tar éis an tsaoil, níor chaill mé mo thiachóg. Bhí sí i bpóca mo bhríste an t-am ar fad*”!

Foclóirín:

fuar - **cold**; fhlíuch - **wet**; bhí sé ina líb - **he was drenched to the skin**; ag crith - **shaking**;
 fuacht - **chill**; bhí craos tine thíos - **a big fire was blazing on the hearth**; faraor - **alas**;
 ainneoin - **in spite of**; iarrachtaí - **attempts**; brú - **push**; slua - **crowd**; cóngarach do - **near to**;
 plódaithe - **crowded**; d'éirigh sé as - **he gave up**; freastalaí - **waiter**; bolgam - **mouthful of drink**;
 in ard a ghutha - **at the top of his voice, loudly**; de dhíth orm - **I needed**; go géar - **desperately**;
 mo dhá dhóthain den mhí-ádh orm - **more than my fair share of misfortune**;
 cliseadh air - **it broke down**; bhí orm - **I had to**; oíche na seacht síon - **very stormy night**;
 scáth fearthainne - **umbrella**; mar bharr ar an donas - **to make matters worse**; tiachóg - **wallet**;
 thall - **over there**; gá agam le- **need**; tar éis an tsaoil - **after all**;



GAIRDÍNÍ LÉIBHEANN NA BABLÓINE

Pádraig Mac Éil

Is iad Gairdíní Léibheann na Bablóine ([Hanging Gardens of Babylon](#)) an t-aon cheann amháin de na Seacht nIontas nach bhfuilimid cinnte cá raibh siad go díreach nó an raibh siad ann in aon chor. Bhí na sé Iontas eile suite cóngarach don Mheánmhuir agus, mar sin, insroichte ag na Gréagaigh. Bhí na Gairdíní as an tslí.

Is é an gnáth scéal ná go raibh na gairdíní suite i gcathair ársa na Bablóine (san Iaráic an lá atá inniu ann). De réir an scríbhneora, Josephus (aonú haois AD), scríobh sagart na Bablóine, Berossus, i 290 RC gurbh é an rí Nebuchadnezzar II (605-562 RC) a thóg na Gairdíní dá bhean chéile, an Bhanríon Amytis. Rugadh ise i Media (iarthuaiscirt na hIaráine) agus bhraith sí uaithi go mór cnoic agus gleannta glasa na tíre sin. Ach cé gur tháinig seandálaithe ar a lán inscríbhinní ó aimsir Nebuchadnezzar II sa Bhablóin agus máguaird níl tagairt in aon cheann acu do na Gairdíní. Má bhí siad ann bhí siad imithe faoi dheireadh an chéad aois AD.



Le déanaí tá teoiric nua foilsithe ag Stephanie Dalley (Ollscoil Oxford) ag rá gurbh é rí na hAisiria, Sennacherib (704-681 RC), a thóg na Gairdíní ina phríomhchathair, Ninivé (cóngarach do Mosul an lá atá inniu ann). Tá rian de chóras uisciúcháin ([irrigation system](#)) déanta d'uiscerianta ([aqueducts](#)), de chanálacha ([canals](#)), agus de dhambaí ([dams](#)) le feiceáil san áit. De réir aistriúcháin agus léirmhíniú ([interpretation](#)) Dalley de tháibléid dingchruthacha Acádacha ([Akkadian cuneiform tablets](#)) ó Ninivé tá tagairtí iontu do na Gairdíní agus do scríúchaidéil ([screw pumps](#)) déanta de mhíotail chun uisce a aistriú ón abhainn Tigris go dtí na Gairdíní.

Tá an focal “léibheann ([platform](#), [terrace](#))” níos fearr ná “[hanging](#)” an Bhéarla mar is dócha go raibh na Gairdíní ag fás ar shaghas siogúrait ([ziggurat](#)) bhig, limistéar ardaithe cosúil le pirimid chéimneach ([step](#)) mhaol ([flat-topped](#)).

LÁ RITH NA CUAICHE - 1 AIBREÁN

Is é an chéad lá de mhí Aibreáin Lá na nAmadán. Deirtear gur thosaigh an nós sa 17ú nó san 18ú haois ach bhí Féile Hilaria ag Impireacht na Róimhe agus Féile na nAmadán san Eoraip sna meánaoiseanna. Bíonn cleasa á imirt ar dhaoine ar an lá seo go háirithe sna tíortha ina raibh tionchar ag na Sasanaigh. Ach tá *Poisson d'Avril* ag na tíortha Francacha nuair a dhéanann duine iarracht iasc páipéir a chur ar dhroim duine eile gan é a chur ar an eolas faoi. Tá *Pesce d'Aprile* san Iodáil. In Albain tugadh *Là na Gocaireachd* ([gowking day](#)) nó *Là Ruith na Cuthaige* (cuach nó amadán) ar 1 Aibreán. Ba é an gnáth cleas ná iarraidh ar dhuine éigin litir dhúnta a thabhairt do dhuine eile, agus a rá leis an duine go raibh tú ag iarraidh cabhair phráinneach ón seolaí ([addressee](#)). Nuair a d'osclóidh an seolaí sin an litir bheadh achainí ([request](#)) inti go ndéarfadh sé go raibh air litir a sheoladh do dhuine eile i dtús sula mbeadh sé in ann freagra a thabhairt don chéad litir. Seolfadh sé an seachadóir ([deliverer](#)) leis an dara litir go duine eile ansin. Choimeádfaí an fear bocht ag dul ó theach go teach sa tslí sin! Ní bheadh tú in ann é seo a dhéanamh in aois an fhóin phóca. Bíonn na meáin chumarsáide ag bualadh cleasa orainn na laethanta seo. An ceann is cáiliúla ná scéal a bhí ar chlár tábhachtach cúrsaí reatha an BBC, “*Panorama*” faoi fheirmeoirí spaigití san Eoraip i 1957. Bhí daoine ag cur glaonna teileafón ar an BBC ag iarraidh orthu insint dóibh cá raibh na luibheanna spaigití le fáil i Sasana!



AIFÉALA

Roibeárd Mac Cathmhaoil

Uair amháin bhí mé ag obair sa [Berkeley Repertory Theatre](#). Bhí fear ab ainm dó Peter ina stiúrthóir ar an dráma i rith an lae agus, san oíche, bhí sé ag obair i ndráma eile san amharclann *A.C.T.* in San Francisco. Thug sé cuireadh dom dul go dtí an amharclann *A.C.T.* agus an dráma a fheiceáil. Dúirt sé go mbeadh nóinléiriú (*matinée*) ann tráthnóna beag agus b'fhéidir go mbeadh mé in ann teacht go luath Dé Sathairn agus caife agus greim bia a ithe leis agus plé á dhéanamh ar an dráma. Dúirt mé go mbeadh mé ann ag a leath uair tar éis a deich maidin Shathairn. Dé Sathairn bhí mé i mo shuí ag a naoi a chlog. Ach tar éis mo bhriceasta thosaigh mé ag déanamh cúpla jab beag sa teach agus rinne mé dearmad ar an am. Chuala mé ar an raidió go raibh sé leath uair tar éis a dó dhéag agus rith mé go tapa as an teach agus thiomáin mé an gluaisteán go tapa go San Francisco. Bhí an trácht an-trom agus thóg sé beagnach daichead nóiméad sular shroich mé San Francisco. Chuaigh mé go dtí an seomra glas (seomra feithimh d'aisteoirí in amharclann) agus bhí Peter agus seisear eile ann. Bhí meon sceitimíní sa seomra agus daoine ag gáire agus duine amháin ag seinm ar an bpianó. Tar éis cúpla nóiméad thug Peter faoi deara go raibh mé ann. “*Cad a tharla? Tá tú an-déanach?*” “*Ah, rinne mé dearmad, ní raibh mé ag smaoineamh ar an am agus mé ag déanamh cúpla jab sa teach. Tá mé in am leis an dráma a fheiceáil, nach bhfuil?*” “*Tá, cinnte, ach bhí maidin iontach anseo agus craic agus damhsa agus canadh againn ar feadh cúpla uair*”. Níor thug mé spéis ar an eolas sin – de ghnáth bhíodh siad ag déanamh an rud céanna go minic. “*Shiúil sí isteach*” a dúirt sé, “*ag a deich a chlog agus í ag dul thart agus bhí an-spraoi againn. Ba é an chéad uair a bhuail mé léi agus bhí sí an-chairdiúil agus greannmhar agus éirimiúil ar an bpianó agus a lán scéalta aici faoi na scannáin a raibh déanta aici agus...*”. Chuir mé isteach air. “*Eh, fan nóiméad, fan nóiméad, cé hí?*” “*Ah*”, a dúirt sé “*Marlene Dietrich. Bhí sí ag dul thart agus tháinig sí isteach mar tá aithne aici ar aisteoir i bhfoireann an dráma. Ní raibh maidin chomh hiontach agam riamh roimhe sa seomra glas cosúil leis an maidin inniu*”.

Ní raibh mé déanach d'aon rud ó shin!



AN MÍOL MÓR GORM

Is é an míol mór gorm ([blue whale](#)) an t-ainmhí is mó ar Domhan. Fiú i Ré na nDineasár ní raibh aon cheann chomh mór leis. Is féidir leo fás go 100 troigh (30.5 méadar) ar fad agus go 140 tonna (127 tonna méadrach) de mheáchan. Sin chomh mór le 1,800 fear nó 230 bó nó 23 eilifint!



Tá an croí is mó ar Domhan ag an míol mór gorm - chomh mór le gluaisteán *VW Beetle* agus 1,000 punt (454 cileagram) de mheáchan ann. B'fhéidir le páiste lámhacán a dhéanamh trí aorta an chroí sin.



AMUIGH SAN OÍCHE

Ciarán, Mullach Íde

Fuar fliuch, ceathanna flichshneachta nó sneachta é féin. Sin mar a bhí réamhaisnéis na haimsire agus bhí sé beartaithe agamsa agus ag comhlúadar siúl thar an droim (**ridge**) idir na Clocha Liatha agus Brí Chualann (Bré). An ndúirt mé sa dorchadas? Cinnte - táim as mo mheabhair.

Ar aon nós fuair mé an Dart ó Mhullach Íde go dtí na Clocha Liatha, áit ar bhuaill mé leis na daoine fiáine eile. Agus le tóirsí beaga ar ár gcinn thosaíomar ar an turas. Bhí mé i dtrioblóid. Hata olla mór ar mo cheann agus an iomad éadaí orm. Cá raibh an fuacht agus cá raibh an fheartainn? Bhí mo dhroim ag éirí fliuch, ach ar an taobh istigh, leis an allas! An rabhamar chun stopadh go luath chun go mbainfinn roinnt éadaí díom? Buíochais le Dia go raibh mo bhata siúil agam agus mé ag iarraidh mo shlí a ghabháil suas an cnoc gan titim, gan barrthuisle, gan sleamhnú agus gan bás a fháil leis an teocht. I ndeireadh na dála ag barr an chnoic stop Gary, ár dtreoraí. Chuaigh na lámhainní, an geansaí agus an diabhal hata sin isteach i mo mhála. Bhí sé sin níos fearr. An bhfaca mé aon rud thuas ar na cnoic? Aon sracfhéachaint timpeall agus tú ag siúl, bheifeá ag titim le haill nó marbh féin. Uair nó dhó stopamar, mhúchamar ár soilse agus chonaiceamar soilse na gCloch Liath, soilse loinge, teach solais na Cis (**Kish**) ag caochadh orainn. Fiú teach solais Dhún Criofann (**Bailey**) ag glaoch orm dul abhaile go dtí tuaisceart na cathrach. Ar bharr Bheann Bhí Chualainn bhí na milliúin solas le feiceáil.

Bhí an-áthas orm an bata siúil a bheith agam agus mé ag teacht anuas mar bhí sé an-sleamhain. Deirtear gur é an teacht anuas an rud is deacra agus aontaím leis sin. Bhailíomar go léir isteach i dteach tábhairne *Martello* i gcomhair ceann amháin dar ndóigh agus ansin abhaile liom ar an Dart deireanach. Chodail mé go sámh an oíche sin agus mé ag brionglóideach ar na réaltaí.

TAISCUMAR PHOLL AN PHÚCA

Pádraig Mac Éil

Tá uisce faoi chaibidil i láthair na huaire agus billí á seoladh chugainn don chéad uair ó Uisce Éireann. Bhí uisce ag teastáil ó phobal Bhaile Átha Cliath roimh bhunú an chomhlachta sin agus tharla céim mhór i soláthar an uisce (agus an leictreachais) don mhórchathair an 3 Márta 1940



Droichead
Bhaile Mhic Unfraidh, 1923

nuair a dambáladh abhainn na Life ag Poll an Phúca. Thuil (**flooded**) sin gleann dá abhainn (An Life agus an Abhainn Rí). Idir 1928 agus 1940 leagadh 76 teach agus scartáladh (**demolished**) droichid ag Baile Mhic Unfraidh (**Humphreystown**), ag Bailte Bhuí (**Boystown/Ballyboys**) agus ag An Bhuiríos (**Burgage**) roimh an uisce a ligeadh isteach san áit. Tugtar

Lochanna Bhaile Coimín (**Blessington Lakes**) ar an taiscumar (**reservoir**) freisin. Táimid fós ag fáil 55 milliún galún d'uisce don chathair gach lá ón scéim, 75 bhliain tar éis é a thógáil.



Bridie Heary

cloch

Cuireadh Tobar Naofa Naomh Bhuaidín (An Leacain) faoin tuile i 1940 ach nuair a laghdaigh leibhéal an uisce i 1978 cuireadh píopaí ón tobar go dtí an bruach chun go mbeadh daoine in ann teacht ar an uisce arís. I 1978 freisin bhí sean seastáin arbhair le feiceáil arís (féach ar chlé). Bhí siadsan déanta de thacaí eibhir (**granite supports**). Cuireadh an chloch chiorclach ar an taca agus ní raibh na francaigh in ann dreapadh suas do na stacaí. Féach ar an suíomh gréasáin an-suimiúil faoi Pholl an Phúca ag <http://www.poulaphuca.com>.



APOLOGIA PRO VITA ANRAÍ VIII!

Seán Ó Mathúna

Bhí Anraí 8 ina rí ar Shasana ó 1509 go dtí 1544. Ba rí an-thábhachtach é. Bhunaigh sé an Eaglais Anglacánach. Bhí sé oilte sa Diagacht agus thug an Pápa an teideal “Fidei Defensor” dó. Bhí sé oilte sa cheol freisin agus in ann an chruit a sheinnm. Chum sé píosaí cáiliúla ceoil chlasaigh. Is minic nach dtugtar Cothrom na Féinne d’Anraí, go mór mór, maidir leis an méid uaireanta a phós sé. Ach is féidir liom a léiriú nach ceart an locht a chur ar Anraí ach ar na basadóirí (**matchmakers**) a bhí ag obair ar a shon. De réir seaneagnaíochta (**wisdom**) na mbasadóirí ba cheart treoir chuí ar choibhneasacht aoise an lánúin a leanúint nuair a bhíonn cleamhnas á dhéanamh.

Le blianta fada is é seo an choibhneasacht cheart má theastaíonn ó dhuine go mbeidh an pósadh sásta. Tosaíonn tú le haois an fhir. Roinn í faoi dhó agus cuir 7 mbliana leis.

Mar shampla má tá fear 30 bliain d’aois ag lorg mná ba chóir go bpósadh sé bean ar aois 22 [sé sin $30/2 + 7 = 22$]. Más í bean atá ag lorg fir, tosaíonn sí lena haois féin, dealaíonn (**subtracts**) sí 7 agus méadaíonn sí an uimhir nua faoi 2. Mar shampla bean ar aois 25 ag lorg fir ba chóir go bpósadh sí fear ar aois 36 [$25 - 7 = 18$; $18 \times 2 = 36$].

Léiríonn an t-aguisín/tábla thíos nár chloígh Anraí VIII leis na treoracha thuasluaite ach amháin sa tríú agus sa séú pósadh (an pósadh le Jane Seymour agus le Catherine Parr). Bhí an dá phósadh sin “sásúil” agus lean an bheirt le chéile go dtí an bás (bhásaigh Jane roimh Anraí agus bhásaigh Anraí roimh Catherine). Léiríonn an tábla freisin go raibh Catharine d’Aragon agus Anne Boleyn ró-aosta d’Anraí agus go raibh Anne Cleeves agus Catherine Howard i bhfad ró-óg dó nuair a phós sé iad.

Diagram illustrating matchmaker's tools and formulas:

- Anne Boleyn: $x/2 + 7 =$ (with a red heart icon)
- Kathryn Howard: $x/2 + 7 =$ (with a red heart icon)

Ba chóir go mbeimis buíoch d’Anraí as ucht na breise eolais atá le foghlaim againn as na botúin agus as na rudaí cearta a rinne sé le linn a shaoil!!

Ainm	Bliain Bheirthe [AD]	Aois Anraí ag am pósta	Aois na mná ag am pósta [A]	Aois oiriúnach* na mná ag am a pósta [B]	Claonadh (deviation) aoise ón aois oiriúnach na mná [A - B]	An toradh ó thaobh oiriúnachta na mná
Anraí	1491					
Catherine d’Aragon	1485	18	24	16	+8	I bhfad ró-aosta
Anne Boleyn	1501	42	32	28	+4	Ró-aosta
Jane Seymour	1508	45	28	29	-1	Ceart go leor
Anne of Cleeves	1515	49	25	32	-7	Ró-óg
Catherine Howard	1524	49	16	32	-16	I bhfad ró-óg
Catherine Parr	1512	52	31	33	-2	Ceart go leor

*aois Anraí roinnte faoi 2 agus 7 curtha leis.

AN CHOINNE DOSHEACHANTA!

Seán Ó Fearghail

Cad atá tar éis a tharlú?

Ach tharla sé chomh tapa sin nach raibh mé in ann aon rud eile a dhéanamh. Anois, tá mé i mo shuí anseo, mo chaife fós te, geit bainte asam agus mé ag stánadh ar mo chrosfhocal leathchríochnaithe.

Thosaigh gach rud cúig nóiméad ó shin, nuair a bhí mé i mo shuí go ciúin anseo sa chaifitéire i Stáisiún Heuston ag léamh mo nuachtáin agus ag ól caife. Go tobann sheas fear os mo chomhair, a raibh scaoll (**panic**) ann. Bhí sé ag labhairt go tapa, chomh tapa sin go gceapfá go raibh a intinn agus a theanga scortha (**disconnected**), agus ní raibh mé in ann é a thuiscint. Mhol mé dó é a ghlacadh go réidh agus a mhíniú dom cad a tharla dó. D'imigh an focal air (**he blurted out**) go raibh air éalú ón áit seo, chomh fada agus chomh tapa agus ab fhéidir. Bhí traein ghasta chun dul go Corcaigh in dhá nóiméad agus dá dtabharfainn fiche euro dó go rachadh sé uirthi agus d'éalódh. Bhí sé chomh mór sin tharr bharr a chéille (**distraught**) nach raibh fhios agam ar chóir dom cabhrú leis.

- *An bhfeiceann tú an bhean ina suí thall? Caithfidh mé éalú uaithi, láithreach! Ní bheidh mé sábháilte go rachaidh mé i bhfad uaithi.*

D'fhéach mé ar an mbean. Bhí sí ina suí go ciúin ag féachaint ar rud éigean ina dialann. Culaith liath a bhí uirthi agus ní raibh aon rud fúithi a chuirfidh eagla ar aon duine. Ní raibh mé in ann a shamhlú go bhféadfadh sí uamhan (**terror**) den sórt sin a chur ar fhear fásta. Ach bhí an fear chomh scanraithe agus chomh corraithe gur chinn mé an fiche euro a thabhairt dó.

Thóg sé an t-airgead, i ndáiríre sciob (**snatch**) sé uaim go giorraisc é (**abruptly**) agus rith. Rith sé chuig oifig na dticéad agus ansin chonaic mé é ag deifriú i dtreo na traenach. Díreach agus é ag léim ar an traein spléach sé (**glanced**) orm agus ar an mbean. Ní fhacthas a leithéid d'fhaoiseamh in aghaidh duine riamh roimhe. D'imigh an traein láithreach. An t-am ar fad a bhí sé seo ag tarlú - dhá nó trí nóiméad - bhí an bhean ag siortú (**rummaging about**) trí leathanaigh a dialainne. Ba chosúil nach raibh a fhios aici fúm ná faoin bhfear a bhí chomh mór sin trína chéile go díreach mar gheall uirthise.

Chomh luath agus a d'fhág an traein bhí mé chomh fiosrach sin faoin gcás gur imigh mé go dtí a bord chun níos mó a thuiscint agus ansin d'amharc sí orm. Díreach ansin d'fhéach mé isteach ina cuid súl, bhraith mé go raibh mé ag breathnú isteach in aghaidh an bháis féin. Bhí iomlán na síoraíochta (**eternity**) agus an t-achar go dtí deireadh na cruinne (**universe**) ina súile. Ach d'imigh an mothú láithreach agus in aon soicind amháin ní raibh inti ach bean mheánaosta ghléasta i liath - ní raibh aon rud inti a scanródh fear mór. Bhí cuma chomh síochánta agus neamhurchóideach uirthi.

- *Cad a rinne tú gur scanraigh tú an fear an méid sin?*
- *Tá brón orm, ach baineadh geit asam nuair a shuigh sé os mo chomhair agus ní raibh sé ag súil le mo fhreagairt (**reaction**). Is dócha go raibh cuma an iontais orm agus nuair a thug mé féachaint air chuir mé an croí trasna ann.*
- *An raibh aithne aige ort?*
- *Ní raibh! Níor bhuaill mé leis riamh, ach ní raibh mé ag súil go bhfeicfinn anseo é. Caithfidh tú a thuiscint, tá coinne agam leis i gCorcaigh i gceann trí huair!*

Bunaithe ar théacs dingchruthach (**cuneiform**) Acádach ó 3000 R.C.





AN CHAID AGUS AN COGADH CATHARTHA

Antóin Ó Seaghda

Tá sé ar eolas ag go leor daoine gur tharla scoilt, ní hamháin idir dlúthcairde ach freisin idir baill teaghlaigh de dheasca an Chogaidh Chathartha (**Civil War**). I gCiarraí bhí an cogadh an-searbh agus bhí dúnmharaithe agus coireanna i mBaile Síoda, i gCathair Saidhbhín agus in áiteanna eile. I mí an Mhárta 1923 i mBaile Síoda, ceanglaíodh naonúr príosúnach poblachtach le céile timpeall ar mhianach agus phléasc arm an tSaorstáit é. Tharla an rud céanna do chúigear príosúnach in aice le Cill Airne.




Sna blianta tar éis an chogaidh, imtheorannaíodh go leor d'imreoirí fhoireann Chiarraí a bhí i gcoinne an tSaorstáit, agus mar sin chreid go leor daoine nach mbeadh peileadóirí ón dá thaobh in ann imirt le chéile ar an bhfoireann chéanna arís, ach thug an Chaid (focal a n-úsáidtear ar pheil i gCiarraí) leigheas do na himreoirí agus mar sin do na daoine uile. Is fiú scéal amháin nó dhó a insint faoi sin. Bhí peileadóir cáiliúil, Seán Seosamh Ó Síoda, ar a theitheadh (**on the run**) mar bhí sé i gceannas ar fhórsaí frith-chonartha i dTrá Lí a dhóigh an bheairic tar éis Arm an tSaorstáit baile Thrá Lí a ghabháil. Bhí Ó Síoda in ann caid a imirt le Ciarraí ag an am céanna is a bhí sé ar a sheachaint, mar bhí fear eile ag imirt i lár na páirce, Con Ó Brosnacháin, a bhí ina oifigeach in Arm an tSaorstáit agus a bhí in ann “pasáiste sábháilte” a fháil d'Ó Síoda ar feadh cúpla uaire tar éis gach cluiche, chun am a thabhairt dó dul ar a theitheadh arís. Scéal eile faoin bpeileadóir Seosamh Bairéid ó Thrá Lí a bhí ar an taobh céanna le hÓ Síoda agus a bhuaigh sé bhonn Chraobh na hÉireann. I mbliain amháin, bhí sé piochta mar chaptaen ar fhoireann Chiarraí, onóir an-mhór do pheileadóir, ach chuaigh sé go Con Ó Brosnacháin agus thug sé an onóir don fhear a bhí ó Arm an tSaorstáit mar gur fhear macánta é. Nílím ag rá go raibh gach duine ón dá thaobh ag croitheadh lámha lena chéile ach nuair a chonaic daoine go raibh a gcuid laochra in ann bheith cairdiúil lena chéile, rinne sé sin obair mhaith chun an searbhas a laghdú i gcroí an phobail.

AN tÉIREANNACH A LÁMHACH MUSSOLINI

Úna Walsh

Níl a fhios ag a lán daoine gur lámhach Éireannach Mussolini! Chuala mé an scéal ar “**Documentary on One**” ar RTÉ Raidió. Scéal suimiúil atá ann.

Rugadh Violet Gibson i dteaghlach Protastúnach Aontachtach i mBaile Átha Cliath i 1876. Bhí ochtar sa chlann agus bhí post mar Ard-Seansailéir ag a hathair. Bhí Violet tinn go minic nuair a bhí sí óg agus fosta nuair a d'fhás sí suas, agus ba bhean bheag aibrisc (**frail**) agus míshásta i gcónaí í. D'iompaigh sí ina Chaitliceach nuair a bhí sí 26. Bhog sí go Chelsea nuair a bhí sí 21. Bhí saol taitneamhach ansin aici le tamall. Tar éis é sin chaith sí cúpla bliain i bPáras agus d'oibrigh sí ar son síochána ach d'éirigh sí tinn arís agus chuaigh sí ar ais go Sasana. Ansin thosaigh sí ag staidéar leis na nÍosaigh agus faoi choinsias sóisialta. Thosaigh sí ag smaoineamh freisin ar bhás agus ar mhairtíreacht. Bhagair sí arís agus arís eile ionsaí a dhéanamh ar an bPápa.




Cúpla bliain ina dhiaidh sin, fuair a deartháir bás agus chaill Violet a ciall. Chuaigh sí isteach in ospidéal síciatrach. Scaoileadh saor í tar éis dhá bhliain agus chuaigh sí go dtí an Róimh. Shíl sí gur sheol Dia teachtaireacht di duine a mharú. Ar dtús rinne sí iarracht í féin a mharú le hurchar ach theip uirthi. Ar 7 Aibreán 1926, agus í beagnach caoga bliain d'aois, lámhach Violet Gibson Mussolini sa Róimh nuair a bhí sé ina shuí i ngluaisteán tar éis cruinnithe. Scaoil sí trí urchar leis agus buaileadh é dhá uair sa srón. Ach bhí Mussolini in ann leanúint ar aghaidh tar éis bindealán a chur ar a shrón. Rug na póilíní ar Violet. Ní raibh sí in ann a hionsaí ar Mussolini a mhíniú dóibh. Scaoileadh saor í (ar ordú Mussolini) gan aon chúis a chur ina leith agus cuireadh i dtearmainn intinne i Sasana í. Fuair sí bás i 1956 agus níor fhreastal aon duine ar a sochraid.



CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-14

TRASNA

SÍOS



1	medications (6)	2	hotel (7)
5	strange (6)	3	qualification (4)
10	local (7)	4	spark (6)
11	nettle (7)	5	wretched (6)
12	respect (4)	6	trough (4)
13	there (5)	7	into (7)
15	descendent (4)	8	tranquility (6)
17	handicap (3)	9	pleader (6)
19	January (6)	14	frosty (7)
21	sound (6)	16	name (4)
23	spouse (7)	18	wrestler (5)
24	morale (6)	20	red-haired (3)
26	population (6)	21	length (3)
29	drop (3)	22	satirize (3)
31	restraint (4)	24	off (6)
32	puff (5)	25	transfer (7)
33	stain (4)	27	enemy (7)
36	homely (7)	28	sauce (6)
37	enough (7)	29	blindness (6)
38	with her (3)	30	strong (6)
39	stuffing (6)	34	cause (4)
40	pelting (6)	35	stop (4)



CUARDACH FOCAL 14

Ainmhithe fiáine 2 / Wild animals 2

B	N	Ú	B	A	R	A	C	A	R	É	B	M	U	S
S	I	N	C	M	P	O	C	N	P	N	U	N	P	C
H	Ú	O	Í	A	S	B	T	I	Á	S	Ú	B	A	I
C	C	R	S	L	O	P	I	O	C	C	A	C	Ú	N
A	R	A	É	B	I	G	Ó	F	R	N	R	M	A	C
N	M	F	N	Ú	Ó	A	H	B	A	É	B	O	A	R
N	U	Ó	T	N	F	R	D	A	I	L	É	R	T	A
A	S	G	E	Ú	A	P	A	A	T	C	A	T	A	C
S	A	Ó	S	N	R	E	C	A	M	A	B	A	R	G
Ú	P	S	C	Ú	N	C	H	T	C	R	H	C	M	O
M	A	A	N	R	A	C	R	B	I	Ú	A	B	B	F
S	C	N	I	C	B	Á	T	O	R	N	R	O	E	A
H	N	Í	L	O	A	N	N	Ú	S	O	Í	B	Á	R
T	I	Ó	B	C	N	Ú	T	S	M	C	I	L	R	A
B	É	I	B	H	E	A	R	Ú	S	O	Í	B	É	R



apasam (opossum)	carabú (caribou)
armadailín (armadillo)	gófar (gopher)
béabhar (beaver)	lincse (lynx)
béar (bear)	muscfhrancach (muskrat)
biorbheannach (pronghorn)	mús (moose)
bíosún (bison)	racún (raccoon)
bobchat (bobcat)	scúnc (skunk)
cadhóit (coyote)	torcán (porcupine)



THÁINIG LONG Ó THIOBRAID ÁRANN

Tháinig Long go dtí Southampton Peileadóir maith ó Thiobraid Árann Ag imirt peile go láidir iontach An Premier League ag dul ar barr.

Mar bhuachaill óg ar ais in Éirinn D’imir Long na spóirt go léir, Peil, iomáint, is sacar freisin, Aclaí, lúfar - bhí sin soiléir.



Ghluais Long thar Mhuir Cheilteach Triall a bhaint le foireann Reading. Nuair bhuaigh siad, an-dul chun cinn Bhí Long á lorg ag foireann uilig.

Mar bhainisteoir ar fhoireann Éireann Bhí Trapattoni ón Iodáil. Thaitin Long go han-mhór leis An t-ádh don tír go raibh sé le fáil.

Anois don bheirt nua bhainisteoirí Imríonn Long go minic mór Corn an Domhain mar aidhm gach aon duine Chun é a bhua, sin í an ghlóir.

Seán, Dún a’ Bháid

TUILLEADH ALT LE BHUR DTOIL!

Is oth linn go raibh orainn praghas na hirise a ardú. Dúirt an foilsitheoir go raibh sé ag cailleadh airgid go nuige seo. Díolaimid an iris ar phraghas chostais. Níl aon bhrabach á dhéanamh againn ar an togra seo.

Gabhaim buíochas do na daoine a sheol ailt chugainn. Tá gá le níos mó acu. Bain triail as gearralt i dtús, 200 focal nó mar sin. Ansin beidh tú in ann tabhairt faoi na cinn fhada. Tá gá le scata a bheadh toilteanach alt a sheoladh dom go rialta. Tá 12 leathanach le líonadh agus mar sin 12-24 alt de dhíth ar a laghad.

Beidh Comóradh Céad Bliain Éirí Amach na Cásca ar siúl i 2016. Ba mhaith liom eagrán ar leith den iris a fhoilsiú don ócáid. Tá mé ag lorg scéalta a chuala tú ó ghaolta agat a throid nó a bhí i mBaile Átha Cliath aimsir na Cásca 1916. Fiú má tá siad i mBéarla cuirfidh mé fáilte rompu. Is féidir linn iad a aistriú. Bhí meas agus grá ag a lán de na daoine a throid in Aibreán 1916 ar an nGaeilge agus beidh sé cuí agus ceart iris i nGaeilge a fhoilsiú mar chomóradh orthu. Bíodh an misneach agat agus tosaigh ar an scríbhneoireacht anois.....le do thoil!



CROSFHOCAL BG XBG-13: RÉITEACH

	1	A	2	M	A	3	D	Á	4	N		5	S	E	6	A	S	7	T	A			
8	A		E		Á		U						T		O		I			9	G		
10	B	R	A	O	N	T	A					11	O	I	D	E	O	I	R				
	A		N		A								C		I		H		N		E		
12	I	A	T	A				13	T	H	14	A	R	T			15	P	Ó	G	A		
	R		Á			16	S		17	T	I	M			18	M		I			N		
19	T	O	N	N	T	20	A						21	C	I	L	L	Í	N				
								22	A	B	H	L	A	N	N								
23	T	R	A	S	N	Ú							25	Ó	I	N	26	S	Í	27	N		
	R		N		G			28	F	I	29	A			C						I		
30	E	A	L	A				31	C	A	M	R	A			32	F	A	I	C			
	I		O					33	B		I				34	T		R			I		
35	S	O	C	H	A	I	R						36	N	E	A	M	Ú	I	L			
	E		H		R		Í							Ó		O		I					
								37	O	T	H	R	A	S			38	S	A	M	H	L	Ú

CUARDACH FOCAL 13: RÉITEACH

O	T	A	R	I	Ó	D	A	R	B	A	L	L	A	I
S	P	N	B	E	A	S	C	U	H	A	L	L	U	B
P	O	I	R	O	A	O	Í	C	B	R	A	I	N	D
Í	N	T	I	H	C	D	A	L	M	Á	T	A	C	H
T	É	S	A	M	H	E	A	L	P	E	Í	N	C	U
S	T	I	N	R	C	A	S	R	I	E	A	P	Í	S
E	Ó	A	D	I	A	R	D	A	M	L	L	A	I	C
R	R	M	Á	N	E	I	H	C	R	C	Ó	S	L	A
I	I	S	P	É	N	O	M	A	T	A	C	H	N	Í
E	L	É	S	C	Í	P	É	I	R	Í	N	Á	Á	N
A	L	I	T	L	P	O	C	C	E	Á	D	O	Í	N
S	O	A	I	N	L	R	I	Ó	D	A	L	L	U	B
C	R	Ó	S	P	I	T	S	E	C	H	O	D	C	L
O	C	O	L	Í	A	O	R	O	P	C	R	Ó	Á	A
B	O	L	L	A	D	R	P	R	I	Ó	Í	R	B	I

SEANFHOCAL

Is fearr rith maith ná drochseasamh
A good run is better than a bad stand

BRIAN CODY - NÍL A SHÁRÚ LE FÁIL

Ciarán Ó Foghlú

Caitheann gach duine a aontú go bhfuil Brian Cody, bainisteoir iomána Chill Chainnigh ar an mbainisteoir is fearr ar fad i stair an chluiche. Stiúir sé a chontae dúchais go deich gCorn Mhic Cárthaigh (Craobhchomórtas Sinsear na hÉireann) ó thosaigh sé mar bhainisteoir i mí na Samhna 1998. Mar imreoir ba shár-chúlaí é Cody agus bhuaigh sé ceithre Chraobhchomórtas (ceann mar ionadaí gan imirt), é ina chaptaen i 1982. Ceapaim nach mar imreoir ná bainisteoir atá tionchar ag Cody ar chluiche na hiománaíochta. D'éirigh leis, gan coistí ná comhairleoirí rialacha, athruithe móra a dhéanamh ar an tslí ina n-imrítear iománaíocht. De dheasca na hathruithe seo tá an cluiche anois níos saothíúla agus níos sábháilte. In ionad bhraith ar phlé pléideach ([argumentative](#)) mall coistí de “saineolaithe” thug sé isteach lear mór de bheartaíocht ([tactics](#)) nua don iománaíocht. Is é príomhaidhm chórais Cody ná seilbh a fháil ar an sliotar agus é a choimeád go dtí go mbíonn an deis agat scór a aimsiú. Ciallaíonn seilbh, an sliotar a bheith i do lámh. Agus an sliotar ina lámh is féidir le himreoir sracfhéachaint timpeall chun comhimreoir a phiocadh i gcomhair pas. Athrú mór é sin ón seantraidisiún inar treoraíodh d'imreoirí óga an sliotar a bhualadh i dtreo cúl a chéile comhraic ([opponent](#)) agus é san aer nó ar an talamh. Ní raibh mórán comhairle faoi é a phasáil do comhimreoir.



Tá na scileanna de mhodh imeartha nua Cody foghlamtha go díograiseach ag a imreoirí. Is féidir leo greim a fháil ar an sliotar agus é san aer nó é a smeachadh ([flick](#)) ón talamh dá lámh go héasca agus go healaíonta. Tá siad in ann, le sracfhéachaint thapa, é a phasáil go gasta agus go cruinn do comhimreoir freisin. Ní thugann imreoirí na gcontaetha eile an tsracfhéachaint seo. De ghnáth buaileann siad an sliotar suas san aer i dtreo an chúil eile agus, níos minice ná a mhalairt, isteach i lámh a chéile comhraic agus cailltear seilbh ar an sliotar dá bharr. Is deacair an rud é comhimreoir a aimsiú i gcóir pas agus tú faoi ionsaí ag imreoirí na foirne eile. Tagann an cumas tar éis dianchúrsa oiliúna. Caithfidh an t-imreoir bheith in ann an sliotar a phasáil go cruinn, agus é ag rith, de ghnáth, óna chéile chomhraic ag an am céanna. Tá cumas de dhíth chun an sliotar a phasáil leis an lámh nó leis an gcamán agus is cuid thábhacht é sin de chóras Cody. Ní labphas ([lob pass](#)) mall atá ann ach pas gasta a ghnóthódh scór i bpinniúr ([handball alley](#)). Úsáideann foirne Cody a gcumas liathróid láimhe chun an lámh in uachtar a fháil sna cluichí. Tá cumas acu sa phas leis an gcamán freisin agus a gcéilí comhraic ag iarraidh an camán a chrúcáladh ([hook](#)). Chun an córas imeartha sin a chur i bhfeidhm caithfidh na himreoirí bheith ag bogadh timpeall na páirce chun go mbeidh siad le fáil i gcóir pas. Ní mór dóibh bheith in ann an sliotar a chur thar an (nó faoin) trasnán go cruinn agus iad ag rith nó ina seasamh, i lár na páirce nó cóngarach don taobhlíne agus faoi bhrú óna céile comhraic. Seo iad na scileanna i bhfoirmle Cody agus tá siad ar fheabhas ag a fhoirne.

Níl mórán tairbhe anois san iománaíocht talún, nó bualadh ar an sliotar san aer nó ar an talamh. Níl an cruinneas céanna fós ag Corcaigh agus Gaillimh i bphasáil láimhe. Tá siad ag baint an



iomarca úsáide as an bpoc suas san aer. Le linn tréimhse Cody tá feabhas tagtha ar an iománaíocht agus tá níos mó daoine ag freastal ar na cluichí. Tá meas mór agam ar Brian Cody mar leasaitheoir an chluiche náisiúnta. Ní thaitníonn tréithe charachtair eile Cody liom ach scríobhfaidh mé faoi sin am éigin eile.

